C/2024/6290

21.10.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/6290)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Côte Rôtie’

PDO-FR-A0199-AM01

Dáta na teachtaireachta: 25.7.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe

I gCaibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin ‘Côte Rôtie’, forlíonadh Roinn IV ‘Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla’, pointe 1 ‘Limistéar geografach’ agus pointe 3 ‘Limistéar díreach in aice láimhe’ gan aon athrú eile, le tagairt do Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2023.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, beifear in ann an limistéar geografach a aithint le tagairt do leagan 2023 den Chód Tíreolaíoch Oifigiúil, a choinníonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) cothrom le dáta agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainmhíniú ar an limistéar geografach.

Cuireadh an tagairt chéanna leis an doiciméad aonair, faoi na ceannteidil ‘Limistéar geografach’ agus ‘Coinníollacha breise – limistéar díreach in aice láimhe’.

2. Lipéadú

Forlíonadh Caibidil I den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin ‘Côte Rôtie’ i Roinn XII ‘Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú’, pointe 2 ‘Forálacha speisialta’. Áirítear inti anois na rialacha lipéadaithe lena dtagraítear don aonad geografach níos leithne ‘Vignobles de la Vallée du Rhône’, de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith le feiceáil sa réimse amhairc chéanna leis na sonraí éigeantacha uile agus ní mór í a phriontáil i gcarachtair den dearadh grafach agus dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach bhfuil sé níos mór ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Cuireadh an leasú sin leis an doiciméad aonair sa roinn maidir le ‘Coinníollacha breise – Lipéadú’.

3. Ceanglais maidir le dearbhú

Tugadh Caibidil II den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin ‘Côte Rôtie’ cothrom le dáta, agus cuireadh na hoibleagáidí ar oibreoirí dearbhuithe a dhéanamh don chomhlacht cosanta agus bainistíochta i gcomhréir leis an bplean cigireachta don ainmniúchán.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

4. Tagairt don chomhlacht cigireachta

Tugadh Caibidil III, Roinn II den tsonraíocht táirge, ‘Tagairt don chomhlacht cigireachta’ cothrom le dáta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus ag comhlacht tríú páirtí a thairgeann ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas arna dtarmligean ag INAO.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Côte Rôtie

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód na hAinmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní féidir an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Côte Rôtie' a úsáid ach amháin le haghaidh fíonta socra dearga. Is é 10,5 % neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonta de réir toirte. Ag céim na pacála, tá cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 gram in aghaidh an lítir ag na fíonta. Ní bheidh méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) na bhfíonta ag céim na pacála a bheith níos mó ná:

— 3 ghram in aghaidh an lítir i gcás fíonta a bhfuil a neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos lú ná 13,5 % nó cothrom leis;

— 4 ghram in aghaidh an lítir i gcás fíonta ar mó ná 13,5 % a neart alcóil nádúrtha de réir toirte.

— Tar éis an tsaibhrithe, ní bheidh neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte níos mó ná 13 %.

— Is i reachtaíocht an Aontais a leagtar síos méideanna na haigéadachta iomláine agus na haigéadachta luainí agus méid iomlán na dé-ocsaíde sulfair.

Níl feidhm ag an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côte Rôtie' ach amháin maidir le fíonta dearga. Tagann athrú go himreacha an ghairnéid ar dhath dorcha, beagnach dubh, na bhfíonta, ar saintréith é den chineál Syrah N. Tá castacht agus galántacht ag baint lena ndea-bholadh lena bhfuil bolaithe de thorthaí dubha agus spíosraí, agus uaireanta de chorcairghorm, nuair atá cineál Viognier B sa chumasc. Nuair a aosaítear é, forbraíonn an dea-bholadh bolaithe atá beagán deataigh (tósta, caife, cócó, etc.) agus bolaithe torthaí bácáilte nó criostalaithe. Saintréith den struchtúr sa bhéal is ea tainniní síodúla, in éineacht le maothlachas níos suntasaí nuair a úsáidtear cineál Viognier B, a ndéantar fíon de, de réir an ghnáis, trí na fíonchaora a chumasc suas le céatadán beag. Tá cineál veilbhitiúil na dtainniní fabhrach freisin d'úsáid modhanna fíoneolaíocha traidisiúnta a bhaineann le triopaill iomlána fíonchaor a chur i ndabhach, brúite beagán le caipín faoi uisce.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) -

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Aigéadacht iomlán íosta -

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) -

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) -

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Modh saothraithe

— Is é dlús plandála íosta na bhfíniúnacha 6 000 planda in aghaidh an heicteáir;

— Ní bheidh an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach fíniúna níos mó ná 1,70 méadar cearnach. Faightear an t-achar dromchla sin tríd an spásáil idir na sraitheanna a mhéadú faoin spásáil idir na plandaí.

— Ní bheidh an spásáil idir na sraitheanna níos mó ná 2 mhéadar.

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 10 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist, ag úsáid na dteicnící seo a leanas:

— prúnáil spoir (cuachphrúnáil, le huasmhéid cúig spor in aghaidh an phlanda, prúnáil Royat le haon ghéag nó dhá ghéag);

— Guyot aonair.

Le linn bhliain an treoraithe, tuigtear go mbaineann an méid uasta 10 mbachlóg in aghaidh an phlanda le tar éis an díbhachlaithe, rud a tharlaíonn tráth nach déanaí ná an 1 Iúil.

As fíonchaora a bhuantar de láimh a dhéantar na fíonta . Iompraítear na triopaill fíonchaor ina n-iomláine chuig an suíomh fíoneolaíoch.

2. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

Anuas ar an bhforáil thuasluaite, ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha a bhaineann leis na fíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. 46 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a tháirgeadh agus a aibiú sna bardais a leanas de chuid roinn Rhône, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2023: Ampuis, Saint-Cyr-sur-le-Rhône agus Tupin-et-Semons.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc):**

Tuairisc ar na tosca nádúrtha atá ábhartha maidir leis an nasc

Tá an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côte Rôtie' suite ag ceann foircneach thuaidh an réigiúin mhóir fíonsaothraithe lena mbaineann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côtes du Rhône', agus is é freisin an áit is faide ó thuaidh lena mbaineann cineál Syrah N.

I gcóras ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe ghleann na Róine', baineann 'Côte Rôtie' leis an aicme fíonta 'Crus des Côtes du Rhône'.

Suite timpeall 40 ciliméadar ó dheas ó Lyon, feadh theorainn thoir Massif Central, tá na fíonghoirt suite ar fhánaí an-ghéar os cionn bhruach deas na Róine, ag tabhairt aghaidh ar an gcuid theas de bhaile Vienne. Fágann an topagrafaíocht shuntasach seo go bhfuil tírdhreach éagsúil ann ina bhfuil tionchar an duine ríthábhachtach, agus daoine ag iarraidh é a úsáid ar an mbealach is fearr is féidir.

Tá an limistéar geografach teoranta do 3 bhardas i roinn na Róine: Ampuis, Saint-Cyr-sur-le-Rhône agus Tupin-et-Semons.

I ngleann 'Côte Blonde' agus i suíomhanna comhchosúla ina bhfuil ithreacha éadroma daite ag na dáileachtaí, eascraíonn gaineamh cré nó 'Arzel' an-íogair, éagobhsaí as creimeadh na substráite nach féidir a shaothrú ach amháin má tá ballaí cloiche tirime ar a dtugtar 'cheys' go háitiúil á choinneáil.

I ngleann 'Côte Brune', nó i limistéir ina bhfuil ithreacha comhchosúla ag na dáileachtaí a bhfuil dath níos dorcha orthu, fágann an ithir atá níos créúla go mbíonn cobhsaíocht níos mó ann. Tá leiceann an chnoic ansin i léibhinn chúnga nó i 'chaillées', ar cineál staighre iad, agus fástar na fíniúnacha ar na léibhinn atá réasúnta cothrom.

Tá an aeráid, dá dtagraítear 'Lyonnais', leath-ilchríochach, d'ainneoin gurb é sin an chuid is faide ó thuaidh de ghleann na Róine chun tairbhe a bhaint as tionchar na Meánmhara. Is minic a shéideann gaoth aduaidh, ar a dtugtar an 'Bise' go háitiúil. Tugann treoshuíomh ginearálta na bhfíonghort soir ó dheas gné réasúnta foscúil agus grianmhar dóibh.

Tuairisc ar na tosca daonna atá ábhartha maidir leis an nasc

Is dócha go bhfuil fíniúnacha 'Côte Rôtie' i measc na bhfíniúnacha is sine i ngleann na Róine. Tá neart fianaise ann ar a seandacht, go háirithe ag láithreán seandálaíochta Saint-Roman-en-Gal in aice le fíonghoirt 'Côte Rôtie' agus tá cáil air as an iliomad mósáicí a nochtadh i bhfuílligh Villas Rómhánacha.

I measc na saothar pictiúrtha sin, léirítear i gceann amháin radharc ina ndéantar fíonchaora a bhuaint agus a bhrú agus ina ndéantar próca a shéalú (mósáic ina léirítear an féilire talmhaíochta, tús an tríú céad, Músaem Saint Germain-en-Laye – Provenance: Saint-Romain-en-Gal). An tráth sin, séalaíodh na prócaí fíona le hábhar roisíneach agus tugtar 'picatum' orthu. Tugadh 'Allobrogica' ar na fíonta féin. (A. Ferdière – *Les campagnes en gaule romaine* [Ceantair tuaithe sa Ghaill Rómhánach] – leathanach 87, Imleabhar 2).

Dá bhrí sin, is dócha go raibh nasc idir forbairt tosaigh na bhfíonghort sa réigiún sin agus Pax Romana, rud a chuir ar chumas Allobroges, ar chumhdaigh a gcríoch cuid de bhruach deas na Róine, os coinne Vienne, saoránacht Rómhánach a fháil agus, ar an gcaoi chéanna, an ceart a fháil fíniúnacha a chur. Bhí an-tóir ar Allobrogica ag tús chéad Antonine (an dara céad AD).

Sna Meánaoiseanna bhí sé deacair na fíonta sin a iompar ó ghleann na Róine go tuaisceart na Fraince mar gheall ar na dleachtanna iomarcacha a ghearr cathracha ghleann na Róine, a raibh gá a thrasnú ar an mbealach, go háirithe Lyon agus Mâcon. (R. Dion – *Histoire de la vigne et du vin en France* [Stair na fíniúna agus na fíonóireachta sa Fhrainc]).

Chun an bac sin a shárú, tháinig forbairt ar bhealaí trádála le haghaidh fhíonta ghleann na Róine i dtreo Pháras tríd an Loire sa 17ú céad. In aice le Condrieu, níl Gleann na Róine ach timpeall 40 ciliméadar ó ghleann an Loire, ar féidir é a thrasnú trí mhám trí mhasaíf Pilat. Níos faide ó thuaidh, nascann canálacha Briare agus Loing an Loire leis an tSéin, chun Páras a bhaint amach.

D'éirigh go maith le 'Côte Rôtie' sa tréimhse sin, ach, ón 19ú céad ar aghaidh, lean deacracht amháin deacracht eile. Ar an gcéad dul síos, scrios míolta fíniúna cuid mhór de na fíonghoirt, mar a cuireadh i dtábhacht i scríbhinní cónaitheora de chuid na hAlsáise a bhí ag taisteal feadh Ghleann na Róine in 1893: 'Tá fíonghoirt a raibh cáil orthu roimhe seo beagnach scriosta; níl fágtha ach roinnt plandaí ar fhánaí an Côte Rôtie, Ampuis agus Condrieu' (Jean Felbert, *Histoire d'une famille alsacienne* [Stair theaghlach Alsáisigh] – A. Picard et Raan).

Ansin laghdaigh an Chéad Chogadh Domhanda agus tionsclú Ghleann na Róine go suntasach an lucht saothair a bhí ar fáil chun na fánaí géara a oibriú, áit nach bhfuil mórán spáis ann do chapall agus do chairt nó do threalamh meicniúil.

Dá bhrí sin, le linn an fichiú céad, bhí na fíonghoirt beagnach imithe as radharc. Ní go dtí na 1960idí a thosaigh athbheochan fhíonghoirt 'Côte Rôtie'.

Faoi 2010, chumhdaigh na fíonghoirt arís an limistéar ina raibh siad go stairiúil roimh ghéarchéim na míolta fíniúna.

Tugann ciclipéid Roret (1921) le fios, ag tús an fhichiú céad, go raibh fíonta ó bhardas Ampuis amháin (agus fíonta ó Verinay nó Verenay, a ionchorpraíodh in Ampuis ina dhiaidh sin) incháilithe chun an t-ainm 'Côte Rôtie' a thabhairt orthu.

Mar sin féin, áiríodh bardais Ampuis agus Tupin-Semons ar dtús i limistéar geografach ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côtes du Rhône' an 19 Samhain 1937; ní go dtí Foraithne an 18 Deireadh Fómhair 1940 a aithníodh an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côte Rôtie' le haghaidh an dá bhardas sin.

Le foraithne leasaitheach an 21 Nollaig 1966, leathnaíodh an limistéar geografach chun bardas comharsanach Saint-Cyr-sur-le-Rhône a chur san áireamh.

Baineann an chuid is mó de phobal na bhfíniúnacha leis an gcineál Syrah N, 'sérine' nó 'seriné', cineál comharthach den limistéar fíonsaothrúcháin sin. Thiar in 1921, luadh i gciclipéid Roret go raibh 'seriné noir, corbeille noire agus damas noir chun tosaigh i limistéar fíonsaothrúcháin cáiliúil Côte Rôtie'. Cruthaíodh ó shin le tástálacha géiniteacha (JM. Boursicot - INRA, Montpellier) gur tháinig an cineál Syrah N ó réigiún na Róine, ó na cineálacha Mondeuse B agus Dureza N.

Mar gheall ar a chóngaraí atá fíonghoirt an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe 'Condrieu', lena mbaineann an tacar cúinsí céanna maidir le cineál Viognier B, mínítear i bpáirt freisin na cleachtais lenar féidir, ó thús ama, an cineál sin a chur i bhfíonghoirt 'Côte Rôtie'.

Táirgeadh fíonta geala 'Côte Rôtie' freisin ag tús an 17ú céad, cé gur tréigeadh an táirge sin go tapa, i bhfianaise ghaireacht na n-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe mór le rá 'Condrieu' agus 'Château-Grillet'.

Léiríonn láithreacht stairiúil chineál Viognier B sa phobal fíniúna an táirgeadh sin.

Is é an toimhde is mó a nglactar leis maidir le tionscnamh ainm an limistéir fíonsaothrúcháin sin go dtagraíonn sé do shamhraí nuair a bhíonn na fánaí 'loiscthe' (rôtis) ag an ngrian.

Téann an taifead scríofa is sine ar úsáid an ainm 'Côte Rôtie' siar go dtí 1698 ar a laghad ('Turas go Páras sa bhliain 1698' le Martin Lister – eagrán Fraincise aistrithe agus foilsithe in 1873).

Go bunúsach, tá cáil fhíonghoirt 'Côte Rôtie' bunaithe ar an gcáil atá ar dhá ghleann bheaga. Luaitear an méid seo a leanas i gciclipéid Roret (1921), maidir le fíonta ó cheantar Lyon: 'I mbardas Ampuis a bhuaintear na fíonta dearga is mó meas roinnte ina dhá chuid ar a dtugtar an Côte Brune agus an Côte Blonde'.

Ar an mbealach céanna, tá léarscáil den limistéar fíonsaothrúcháin in *Atlas de la France vinicole* [Atlas na bhfíonghort sa Fhrainc] de chuid L. Larmat ina bhfuil, i dteannta na logainmneacha cláraithe, na hainmneacha 'Côte Blonde' agus 'Côte Brune' atá scartha ón sruth Fontgent.

As an iliomad finscéalta a bhaineann le bunús cháil an dá 'Côtes' sin, tá ceann amháin an-fhileata. Deirtear gur fear uasal ó Ampuis a raibh beirt iníonacha aige, duine acu a raibh gruaig dhonn uirthi agus gruaige fhionn ar an duine eile, a d'ainmnigh iad. Le míniú eile, a bhfuil níos mó eolaíochta ag baint leis, mínítear an difríocht i dtéarmaí thionscnamh geolaíoch na substráite ina bhfásann na fíniúnacha.

Tá substráit ag 'Côte Blonde' atá comhdhéanta den chuid is mó de naghas. Le himeacht ama, d'eascair ithreacha siliciúla a raibh dath éadrom orthu as na carraigeacha sin, ithreacha a athchailcíodh go minic le sil-leagain lóis ón ardchlár.

Ar an taobh eile, tá 'Côte Brune' suite ar shubstráit de shiostaí míoca ar a forbraíodh, le himeacht ama, ithreacha nach bhfuil chomh siliciúil céanna/atá níos cosúla le hithreacha créúla, atá lán le hiarann agus a bhfuil dath níos dorcha orthu. Tá dáileachtaí a bhfuil meascán de chineálacha Syrah N agus Viognier B curtha iontu le fáil níos minice ar 'Côte Blonde' ná ar 'Côte Brune'.

In 2009, chumhdaigh an limistéar faoi tháirgeadh thart ar 250 heicteár, le meántáirgeadh bliantúil de thart ar 10 000 heictilítear roinnte idir thart ar 100 táirgeoir, lena n-áirítear thart ar 60 fíonlann aonair. Níl feidhm ag an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côte Rôtie' ach amháin maidir le fíonta dearga.

Tagann athrú go himreacha an ghairnéid ar dhath dorcha, beagnach dubh, na bhfíonta, ar saintréith é den chineál Syrah N.

Tá castacht agus galántacht ag baint lena ndea-bholadh lena bhfuil bolaithe de thorthaí dubha agus spíosraí, agus uaireanta de chorcairghorm, nuair atá cineál Viognier B sa chumasc.

Nuair a aosaítear é, forbraíonn an dea-bholadh bolaithe atá beagán deataigh (tósta, caife, cócó, etc.) agus bolaithe torthaí bácáilte nó criostalaithe.

Saintréith den struchtúr sa bhéal is ea tainniní síodúla, in éineacht le maothlachas níos suntasaí nuair a úsáidtear cineál Viognier B, a ndéantar fíon de, de réir an ghnáis, trí na fíonchaora a chumasc suas le céatadán beag. Tá cineál veilbhitiúil na dtainniní fabhrach freisin d'úsáid modhanna fíoneolaíocha traidisiúnta a bhaineann le coipeadh bairille triopall iomlán fíonchaor, atá brúite beagán le caipín faoi uisce. Ar bhruach deas na Róine, leis an meascán de mhéasaeráid ar a dtugtar 'Lyonnais', staid thopagrafach ina bhfuil fánaí an-ghéar os cionn abhainn na Róine, agus dálaí geolaíocha agus ithreach de thionscnamh meiteamorfach lena n-éilítear idirghabháil bhuan ón duine chun léibhinn agus ballaí a fhorbairt go comhchuí, cuirtear Syrah N ar fáil, an cineál is tábhachtaí d'ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côte Rôtie', agus cineál Viognier B lena mbaineann na dálaí is fearr le haghaidh forbartha agus aibíochta agus lenar féidir fíon dearg uathúil a tháirgeadh lena gcomhcheanglaítear stóinseacht agus galántacht.

Is féidir leis an dá chineál sin, a chuirtear ag teorainn a raoin fáis, a n-acmhainneacht a léiriú má fhástar iad ar cheapacha atá críochaithe go cúramach ar fhánaí a bhfuil an treoshuíomh is fearr acu, atá cosanta ar éifeachtaí díobhálacha gaoth fuar.

Ní bhuaileann aon ní seandacht an limistéir fíonsaothrúcháin réamh-Rómhánaigh seo ach a cháil, a bhfuil aitheantas aige faoi ainmniúchán 'Côte Rôtie' ó bhí an 17ú céad ann ar a laghad.

Mar gheall ar tharchur na gcleachtas fíonsaothrúcháin ina n-úsáidtear stácaí agus caomhnú ithreacha leochaileacha lóis-naghais, siosta míoca agus miogmaitíte trí léibhinn nó ballaí cloiche a thógáil, choimeád an limistéar fíonsaothrúcháin sin a chineál sonrach, ó bhí na cianaoiseanna ann. Cuireann sé sin, in éineacht leis an tírdhreach lena mbaineann, lena cháil iomráiteach, bunaithe go háirithe ar dhúbailteacht 'Côte Brune' agus 'Côte Blonde', atá nasctha le codarsnachtaí sna hithreacha, sna cleachtais fhíoneolaíocha agus struchtúr na bhfíonta.

An traidisiún a bhaineann le fíonchaora a bhaint de láimh, traidisiún a chloíonn saothróirí fíona 'Côte Rôtie' leis go fóill, cuidíonn sé le húrnuacht agus saintréithe na bhfíonghort sin ar thaobh na gcnoc a chaomhnú.

Is dócha go míniú é nochtadh na bhfánaí loiscthe sin don ghrian bunús an ainmniúcháin 'Côte Rôtie'.

I dteannta tagairtí i litríocht ó roinnt mhaith údar ársa, lena n-áirítear an dochtúir Celsus, an nádúraí Plinias Mór, an staraí Plútarc, an t-agranamaí Columella agus an file Martial, a luann Allobrogica, fíon ó Vienne a tháirgtear sna Allobroges, téann ceann de na doiciméid is sine a bhaineann le cáil sheanbhunaithe fhíonta Ampuis siar go 1592. Ba é sin an uair a chuir áitritheoirí an bhardais fáilte roimh Laurent de Maugiron in éineacht le Diúc Mayenne, ar 'chuir siad a bhfíon cáiliúil ina láthair' (*Histoire et généalogie de la famille de Maugiron, en Viennois* [Stair agus ginealas mhuintir Maugiron, i réigiún Vienne], 1257-1767, le H. de Terrebasse Eagrán 1905).

Déantar achoimre ar cháil fhíonta 'Côte Rôtie' in eagrán 1781 den *Histoire naturelle de la province du Dauphiné* [Stair Nádúrtha Chúige Dauphiné] (brollach – imleabhar 1 – Faujas de Saint-Fonds): 'Tá cáil láidir ar fhíonta "Côte Rôtie" (agus ar fhíonta Hermitage) le fada an lá, agus tá sé tuillte go maith acu mar gheall ar mhionsonraí sonracha na gcineálacha fíonchaor agus nochtadh agus cleachtais fáis na bhfíonghort a tháirgeann iad.'

Níos déanaí sa saothar céanna, moltar in dhá shliocht cáil an fhíona sin ar thug céad bhardasach Vienne (mí Feabhra 1780) tuairisc air mar an ceann is fearr d'fhíonta Vienne agus ar comhchéim leis na fíonta is fearr de chuid na Fraince.

Is minic a bhíonn dlúthbhaint idir an cháil sin agus cáil fhíonta eile an Côtes du Rhône thuaidh, mar a léirítear leis an sliocht sin ón *Traité théorique et pratique sur la culture de la vigne* [Tráchtáil theoiriciúil agus phraiticiúil ar shaothrú fíniúna] (Imleabhar 1 – Chaptal, Parmentier, Dussieux -1801): 'Táirgtear fíonta cáiliúla Hermitage, Côte Rôtie agus Condrieu ar na fánaí ar theorainn na Róine.'

Tá cáil an fhíona sin ag méadú i gcónaí, ar neart a cháilíochta agus a fhíneáltachta agus thar aon ní eile ar an tírdhreach, limistéar fíonsaothrúcháin iontach a aithnítear mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ó bhí 1940 ann. Tagann sé chun cinn freisin ar fud 'na tíre fíona' ar fad trí mhargadh bliantúil fhíonta Ampuis atá ar siúl ó bhí 1928 ann.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh agus forbairt fíonta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023:

— Roinn Ardèche: Andance, Ardoix, Arras-sur-Rhône, Champagne, Charnas, Châteaubourg, Félines, Glun, Guilherand-Granges, Lemps, Limony, Mauves, Ozon, Peyraud, Saint-Désirat, Saint-Etienne-de-Valoux, Saint-Jean-de-Muzols, Sarras, Sécheras, Serrières, Talencieux, Tournon-sur-Rhône agus Vion;

— Roinn Drôme: Beaumles Monteux, Chanos-Curson, Crozes-Hermitz, Erôme, Gervans, Larnage, Mercurol-Veaunes for the territory of the municipality of Mercurol, Pont-de-l'Isère, La Roche-de-Glun, Serves-sur-Rhône agus Tain-l'Hermitz;

— Roinn Isère: Chonas-l'Amballan, Les Côtes-d'Arey, Les Roches-de-Condrieu, Reventin-Vaugris, Saint-Clair-du-Rhône, Seyssuel agus Vienne;

— Roinn an Loire: Chavanay, Malleval, Saint-Michel-sur-Rhône, Saint-Pierre-de-Bœuf agus Vérin;

— Roinn na Róine: Condrieu, Les Haie, Loire-sur-Rhône, Longes, Sainte-Colombe agus Saint-Romain-en-Gal.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

a) Féadfar ainm aonaid gheografaigh níos lú a léiriú ar lipéid fíonta lena ngabhann an sonrúchán tionscnaimh cláraithe, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— is suíomh cláraithe é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

b) Féadfar ainm aonaid gheografaigh níos leithne 'Cru des Côtes du Rhône' nó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéid fíonta lena ngabhann an sonrúchán tionscnaimh cláraithe. Leagtar amach na rialacha lena rialaítear úsáid an aonaid gheografaigh níos leithne 'Vignobles de la Vallée du Rhône' sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí caomhnaithe agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith le feiceáil sa réimse amhairc chéanna leis na sonraí éigeantacha uile agus ní mór í a phriontáil i gcarachtair den dearadh grafach agus dath céanna leis an ainmniúchán, ar choinníoll nach bhfuil sé níos mór ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-dceb7462-aee6-4db6-a6f7-a7d5cb91349e